Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2024/3820

24.6.2024

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3820)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

An tagairt don Chinneadh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniú-cháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 3904	17 Meitheamh 2024	4-(1,1,3,3-teitri-meitiolbúitil) feanól, eatocsaláitithe (Uimh. CE 799-991-7; Uimh. CAS 9036-19-5)	MeiraGTx Ireland Designated Activity Company, Bloc K, Ascall an Aerfoirt, Saorlimistéar Shionainn, V14 PT88, Sionainn, Éire	REACH/24/20/0	Áis mhonaraíochta i dtáirgeadh teiripí géine	11 Samhain 2034	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006 , lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3820/oj